

# AN BHFUIL TUSA IN MBUN FEIRMEOIREACHTA

# i gCorca Dhuibhne?

## Ar mhaith leat a bheith páirteach i dtionscadal ealaíne?

Tá Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne ag lorg deichniúr feirmeoirí le bheith páirteach i dtionscadal cruthaitheach bliana timpeall ar Ghníomhaíocht Chruthaitheacht ó thaobh Athrú Aeráide, ag obair le healaíontóir i gCorca Dhuibhne.

Déanfaidh an tionscadal, Corca Dhuibhne Inbhuanaithe, fiosrú faoi na roghanna atá oscailte d'fheirmeoirí chun a gcleachtas feirmeoireachta a leathnú is a dhéanamh níos éagsúla agus iad ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin an athrú aeráide.

Beidh na feirmeoirí a roghnófar ag obair leis an ealaíontóir Lisa Fingleton, agus iad ag forbairt tuiscint níos fearr ar na ceisteanna go bhfuil an earnáil ag tabhairt aghaidh orthu, agus na pleananna atá ag an bpobal feirmeoireachta áitiúil don todhchaí. Beidh na feirmeoirí páirteacha ag tabhairt faoi ocht dturas go suíomhanna atá spéisiúil ó thaobh fuinnimh inathnuaite, fiontar inmharthana, agus feirmeoireacht ar mhaithe an dúlra. Díolfar táille le feirmeoirí as a bheith páirteach.





## Cén saghas feirmeoirí atá uainn don tionscadal?

Táimid ag lorg deichniúr feirmeoirí ó gach réimse den earnáil (Déiríocht, Stoc Tirim, Caora, Stoc Measctha agus Feirmeoirí Glasraí), de gach aois agus gach leibhéal taithí, ó ar fud na leithinse.

## An bhfuil a thuilleadh eolais uait?

Líon isteach an fhoirm ar chúl na bileoige seo agus seol go dtí: Tionscadal Cruthaitheach Athrú Aeráide, Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne, An Cúilín, An Daingean"Nó is féidir leat do sonraí, mar atá áirithe thíos, a chur díreach go dtí creativeclimateartist@dinglehub.com. Chun léiriú iomlán a fháil ar an méid atá i gceist sa tionscadal, bí linn d'ár seisiún eolais ar-líne ar Luan, **13ú Mí na Nollag ag 8in.**

Más spéis leat a bheith ina dhuine den deichniúr feirmeoirí ag glacadh páirt sa Tionscadal Cruthaitheach Athrú Aeráide seo, tabharfar cuireadh duit Ráiteas Spéise a chur isteach chughainn, ag tabhairt roinnt sonraí breise faoi na cúiseanna gur mhaith leat a bheith páirteach. Is é an spriocdháta d'iarratais ná **Aoine, 17ú Mí na Nollag.**

Is féidir teacht ar eolas faoi conas clárú don seisiún eolais agus breis eolais, ag www.dinglepeninsula2030.com faoin lipéad 'Projects', 'Agriculture', nó trí rphost a sheoladh go Caitríona Fallon ag creativeclimateartist@dinglehub.com. Cuirfimid fáilte roimh aon cheisteanna atá agat!

## Ba mhaith liom tuilleadh eolais a fháil faoi earcaíocht feirmeoirí don Tionscad-al Cruthaitheach Athrú Aeráide:

Ainm:: ..............................................................................................................

Seoladh: ..............................................................................................................

Saghas feirmeoireachta a bhíonn ar siúl agat: ..........................................................................

Catagóir Aoise: 20-35 ☐ 36-50 ☐ 51-65 ☐ os cionn 65 ☐

Seoladh Rphoist: ..............................................................................................................

Fón: ..............................................................................................................

Faigheann Corca Dhuibhne Inbhuanaithe – A Creative Imagining maoinú ón gCiste Cruthaitheach um Athrú Aeráide, tionscnamh de chuid an chláir Éire Ildánach i gcomhpháirt leis an Roinn Chomhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is ciste é seo a thacaíonn le tionscadail chruthaitheacha, chultúrtha agus ealaíne a mhéadaíonn ar fheasacht maidir leis an athrú aeráide, is a chumasaíonn saoránaigh chun claochluithe fiúntacha iompair a dheanamh ina saol.

Tá an tionscadal seo á riaradh ag Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne, the Green Arts Initiative in Ireland, agus MaREI (an Institiúd Mara agus Fuinnimh Inathnuaite). Tá Lisa Fingleton roghnaithe mar ealaíontóir neadaithe le Corca Dhuibhne Inbhuanaithe. Is ealaíontóir, saothróir glasraí, scríbhneoir agus scannánóir atá ag cur fúithi ar fheirm bheag i gCiarraí Thuaidh í Lisa.